Parlaimint na hEorpa
2019-2024

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P9_TA(2021)0221

Clár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 (clár Pericles IV): leathnú go dtí na Ballstáit neamh-rannpháirteacha ***

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Bealtaine 2021 ar an dréachtrialachán ón gComhairle lena leathnaítear cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/... lena mbunaítear clár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 (clár 'Pericles IV'), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 331/2014, go dtí na Ballstáit neamh-rannpháirteacha (13255/2020 – C9-0017/2021 – 2018/0219(APP))

(An nós imeachta reachtach speisialta – toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtrialachán ón gComhairle (13255/2020),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 352 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0017/2021),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0165/2021),

1. ag tabhairt a toilithe don dréachtrialachán ón gComhairle;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.